Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13519/22**

**FIN 1065**
**STAT 31**
**INST 371**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 13 Deireadh Fómhair 2022 |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12929/22 + COR 1 |
| Ábhar: | Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal: Sainchomhairleoirí seachtracha ag an gCoimisiún Eorpach — Raon feidhme d'athchóiriú<br>- Conclúidí ón gComhairle (13.10.2022) |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal 'Sainchomhairleoirí seachtracha ag an gCoimisiún Eorpach - Raon feidhme d'athchóiriú', a d'fhormheas an Chomhairle (Ceartas agus Gnóthaí Baile) ag an 3899ú cruinniú a bhí aici an 13 Deireadh Fómhair 2022

**IARSCRÍBHINN**

**Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2022**
**ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa dar teideal:**
**Sainchomhairleoirí seachtracha ag an gCoimisiún Eorpach — Raon feidhme d'athchóiriú**

MAIDIR LE COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH:

1. IS DÍOL SÁSAIMH DI Tuarascáil Speisialta Uimh. 17/2022 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (dá ngairtear 'an Chúirt' anseo feasta) mar aon le freagraí an Choimisiúin Eorpaigh ar an Tuarascáil;

2. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtabhaíonn an Coimisiún thart ar EUR 1 bhilliún de chaiteachas oibríochtúil gach bliain ar sheirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha, agus úsáideann sé iad chun tacú leis i raon leathan gníomhaíochtaí comhairliúcháin, staidéir, meastóireachta agus taighde agus go ndearnadh níos mó ná leath de luach iomlán na gconarthaí a mhaoiniú faoi cheannteideal 4 'An Eoraip Dhomhanda' den CAI roimhe sin;

3. ADMHAÍONN SÍ torthaí na tuarascála agus IS OTH LÉI an méid seo a leanas go háirithe:

   - nár áirithigh an Coimisiún, agus úsáid sainchomhairleoirí seachtracha á bainistiú aige, go bhfaigheann sé an luach is fearr is féidir ar airgead ná go ndéanann sé a leasanna a choimirciú go hiomlán;

   - nach ndearna an Coimisiún measúnú comhsheasmhach ar fheidhmíocht sainchomhairleoirí seachtracha agus, seachas staidéir agus meastóireachtaí, nár roinn sé faisnéis faoi na measúnuithe sin ar fud a Ard-Stiúrthóireachtaí;

   - nach ndéanann an Coimisiún faisnéis a thuairisciú go córasach maidir leis an úsáid a bhaineann sé as seirbhísí sainchomhairleoirí seachtracha agus nach ndéantar aon tuairisciú ar leibhéal corparáideach;

   - go raibh bearnaí suntasacha i gcreat an Choimisiúin lena rialaítear úsáid sainchomhairleoirí seachtracha, go háirithe maidir le comhairleacht agus taighde, arb ionann iad agus an chuid is mó den mhéid a tugadh do chomhairleoirí seachtracha ar conradh;

4. AONTAÍONN SÍ leis an tuairim ón gCoimisiún nach ndéantar cás sna torthaí iniúchóireachta d'athchóiriú bunúsach ar úsáid seirbhísí comhairliúcháin seachtracha, ach IS DÍOL SÁSAIMH DI gur ghlac an Coimisiún le moltaí uile na Cúirte agus gur leag sé amach, ina chuid freagraí, feabhsuithe nithiúla ar an gcreat atá ann cheana;

5. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún, agus na Moltaí den tuarascáil á gcur chun feidhme aige, go háirithe Moladh 1, machnamh a dhéanamh, i measc nithe eile, ar impleachtaí buiséadacha na ngníomhaíochtaí agus na bpróiseas seachfhoinsithe i gcoinne iad a choimeád mar chúraimí dá fhoireann féin, agus ag an am céanna barrfheabhsú na n-acmhainní foirne ar an leibhéal reatha a áirithiú agus gnóthachain éifeachtúlachta a lorg, lena n-áirítear tríd an gcomhar idirinstitiúideach a dhoimhniú. Ba cheart an tuairisciú a fheabhsú trí na doiciméid a sholáthraítear i Ráiteas an Choimisiúin ar Mheastacháin. Thairis sin, MOLANN SÍ don Choimisiún, agus Moladh 2 á chur chun feidhme aige, comhchruinniú agus róspleáchas a sheachaint, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, trí bhearta a dhéanamh chun an díorma saineolaithe atá ar fáil a leathnú;

6. TÁ SÍ AG SÚIL go n-áiritheoidh an Coimisiún, mar a mhol an Chúirt, go n-úsáidfear torthaí na comhairleoireachta seachtraí ar an iomlán agus go scaipfear iad ar fud a chuid seirbhísí agus go roinnfidh sé iad le hinstitiúidí eile an Aontais ar bhealach tráthúil, agus MOLANN SÍ don Choimisiún bealaí a aimsiú chun na torthaí sin a chur ar fáil don phobal i gcoitinne ar mhaithe le trédhearcacht i leith na saoránach, agus lánurraim á tabhairt do cheanglais maidir le cosaint sonraí agus do rúndacht.